

Topaic: An baile

Fothopaic: Tuath agus cathair

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar an mír físe ina bhfuil Aoife Ní Chonchúir ag labhairt faoi bheith ina cónaí faoin tuath. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimoirí, bunaithe ar an mír físe. **Ní plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimoirí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

Treoracha don Mhúinteoir

Tasc samplach 1: Réamhobair 1

Beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht ar ball le hAoife Ní Chonchúir ag caint faoi bheith ina cónaí faoin tuath. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

Tá cúpla tasc réamhullmhúcháin (cinn roghnacha) molta anseo a bhaineann le stór focal / frásaí / struchtúir ceangailte leis na topaicí ‘cónaí’ agus ‘ceantar’.

Baineann an chéad tasc leis an mbriathar ‘cónaí’ agus conas a rá cad as duit. Scaip an bhileog ‘Cá bhfuil tú i do chónaí? Cuir na foghlaimeoirí ag obair ar na tascanna – seans go mbeidh treoir agus ionchur uathu.

Tasc samplach 2: Réamhobair 2

Beidh na foghlaimeoirí roinnte i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Bíodh na cártaí atá ar an mbileog ‘Cártaí do thasc samplach 2’ gearrtha suas agat. Bídís i gclúdach litreach agus tabhair clúdach litreach do gach grúpa.

Tógfaidh na foghlaimeoirí sealanna ag rá na struchtúr atá ar na cártaí. Má bhíonn an struchtúr i gceart ag foghlaimeoir, coimeádann sé an cárta – is iad na foghlaimeoirí eile sa ghrúpa a dhéanann cinneadh an bhfuil an ceart aige nó nach bhfuil. Má tá an ceart aige, coimeádann sé an cárta. Muna mbíonn an ceart aige, tá seans ag duine eile an struchtúr a rá agus an cárta a ‘ghoid’. An té a mbeidh an líon is mó cártaí aige, sin é an buaiteoir sa ghrúpa.

Tasc samplach 3: Stór Focal

Scaip an bhileog ‘Ag labhairt faoi do cheantar: stór focal’. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí chun teacht ar fhocail a bhaineann le ceantar. Cabhraigh leo na focail atá uathu a chur ar fáil.

Ansin iarr orthu na frásaí beaga a chur in abairtí. Tá an bhéim ag an gcaint seachas ar an scríobh.

Tasc samplach 4: Éisteacht

Scaip an bhileog ‘Tuath agus Cathair: Éisteacht’. Seinn an mhír físe do na foghlaimeoirí. Tá sé tábhachtach nach mbeidís ag iarraidh gach focal a thuiscint – spreag iad le díriú ar éirim na míre seachas ar na focail ar fad. Cuir ag obair ar na tascanna iad agus ansin pléigh cad a bhí deacair / éasca faoi na tascanna.

Tasc samplach 5: Rólghníomhaíocht

Scaip an bhileog 'Cabhair ag Teastáil' agus cuir na foghlaimeoirí ag léamh na bhfógraí.

Bíodh na rólanna ar an mbileog 'Cabhair ag Teastáil! Tasc 1 – Rólghníomhaíocht' gearrtha suas agat. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí de thriúr agus tabhair ról do gach duine den triúr. Eagraigh an rólghníomhaíocht agus pléigh aon deacrachtaí a tháinig chun cinn.

Tasc samplach 6: Fógra a chur le chéile

Scaip an bhileog 'Cabhair ag Teastáil' ar dtús agus cuir na foghlaimeoirí ag léamh na bhfógraí.


Ansin scaip an tasc 'Cabhair ag Teastáil! Tasc 2 – Fógra'. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna chun fógra a chumadh. Cuir an bhéim ar an bpointe gur abairtí an-simplí atá ag teastáil:

Sampla: Tá ceathrar páistí againn. Táimid inár gcónaí i gcathair Chorcaí. Tá gach áis in aice linn. Táimid inár gcónaí in aice leis an scoil agus le stad an bhus etc.

Cá bhfuil tú i do chónaí?

Conas a chuirfeá ceist ar dhaoine cá bhfuil cónaí orthu agus cad as iad? Pléigh le do ghrúpa.

Le cabhair ón teagascóir, scríobh amach an briathar 'cónaí' sna pearsa éagsúla sa bhosca thíos.



An bhfuil Gaeilge agat ar na nathanna seo thíos? Nuair a bheidh siad cleachtaithe agat, beidh tú ag imirt cluiche bunaithe orthu...

1. I'm from Dublin.
2. Where are you from?
3. She's from Cork.
4. I'm living in Kerry.
5. Are you living in Galway?
6. He's living in London now.
7. Is she living in the city centre?
8. We're living near the school.
9. Where are you (plural) living?
10. They live in a lovely house.



| | |
|------------------------------------|-----------------------------------|
| sí + cónaí + in aice leis an scoil | tú + cónaí + in aice le Siobhán |
| muid + cónaí + Baile Átha Cliath | mé + cónaí + in aice na farraige |
| siad + cónaí + Corcaigh | muid + cónaí + Gaillimh |
| sé + cónaí + lár na cathrach | sí + cónaí + teach álainn |
| mé + cónaí + faoin tuath | tú + cónaí + in eastát tithíochta |

Ag Labhairt faoi do Cheantar – Stór Focal

Beidh sibh ag éisteacht ar ball le hAoife Ní Chonchúir ag labhairt faoin gceantar tuaithe ina bhfuil sí ina cónaí. Bí ag obair le do ghrúpa. Cuirigí le chéile liosta focal a d'fhéadfadh sibh a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an áit ina bhfuil sibh in bhur gcónaí.

Liosta:

Seo thíos frásaí úsáideacha. Déanaigí iarracht iad a chur in abairtí:

Ó bhaile
Gar do
In aice le
In aice láimhe
Áisiúil
Cúrsaí tráchta
Comharsana

Tuath agus Cathair: Éisteacht

Beidh tú ag éisteacht le hAoife Ní Chonchúir ag labhairt faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bheith ina cónaí faoin tuath. Ar dtús, bíodh plé agat le do pháirtí agus scríobhaigí trí bhuntáiste agus trí mhíbhuntáiste a bhaineann le saol na tuaithe, dar libh féin.

Buntáistí

Míbhuntáistí

Anois éist le hAoife ag caint. Cé mhéad a thuig tú? Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a luann sí? Scríobh cúpla focal. Ná bí ag iarraidh gach rud a thuiscint!

| Buntáistí | Míbhuntáistí |
|-----------|--------------|
| | |

Cabhair ag Teastáil!

Tá Clann Uí Mhurchú agus Clann Uí Cheallaigh ag lorg feighlí le Gaeilge chun cabhrú leo leis na páistí. Tá siad ag lorg duine a thiocfadh chun cónaithe leo. Scríobh siad fógra beag do nuachtlitir Ghaeilge.

Seo thíos an fógra. Léigh é agus tabharfaidh an teagascóir tasc duit ar ball...

Clann Uí Mhurchú: Ag Lorg Feighlí!

Táimid inár gcónaí i gceantar tuaithe. Tá sé ciúin ach tá na radhairc go hálainn! Tá an t-ollmhargadh 7 míle ó bhaile ach beidh tú in ann carr a úsáid chun dul ó áit go háit. Tá

ionad pobail in aice láimhe agus bíonn ranganna ar siúl ann go minic. Tá an scoil 3 mhíle ó bhaile. Imríonn na buachaillí peil i gclub peile atá gar don teach.

Clann Uí Cheallaigh: Ag Lorg Feighlí!

Tá triúr páistí againn aois 3, 5 agus 7. Táimid inár gcónaí i mbruachbhaile i gcathair Bhaile Átha Cliath ach tá stad bus díreach lasmuigh de dhoras an tí. Tá gach áis mórthimpeall orainn –

bialanna, tithe tábhairne, ollmhargadh, caife. Tá na páistí in ann siúl ar scoil. Déanann na páistí a lán ranganna ach tá na ranganna ar fad in aice láimhe.

Cabhair ag Teastáil! Tasc 1 Rólghníomhaíocht



Duine A: Is tusa Máire Ní Mhurchú.

Fuair tú glao ó mhac léinn deas atá ag iarraidh an post mar fheighlí a thógáil agus teacht chun cónaithe libh. Ach tá ceisteanna aici faoin gceantar agus faoi na háiseanna agus faoin saol a bheadh aici. Níl sí cinnte faoin saol tuaithe! Bí réidh don chruinniú!



Duine B: Is tusa Máire Ní Cheallaigh.

Fuair tú glao ó mhac léinn atá ag iarraidh an post a thógáil agus teacht chun cónaithe libh. Ach níl tú cinnte fúithi – ceapann tú nach bhfuil uaithi ach píosa spraoi! Bí réidh don chruinniú!



Duine C: Is mac léinn tú.

Tá tú ag iarraidh bliain a chaitheamh i do chónaí le clann le Gaeilge. Níl tú cinnte, áfach, ar mhaith leat a bheith i do chónaí faoin tuath. Tá tú ag lorg píosa spraoi! Cuir ceisteanna!

